MBPTA
**Bileog Eolais**
Fómhar 2014

CLÁR NÁISIÚNTA
MBPTA
MEASÚNÚ AGUS BAINISTIÚ PRIACAL TUILE ABHANTRAÍ

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

# Tuilte in Éirinn

Is cuid nádúrtha agus dosheachanta de shaol na hÉireann iad tuilte; is priacal iad do dhaoine, do réadmhaoin agus don chomhshaol. Mar gheall ar athrú aeráide is dóichí go mbeidh tuilte níos minice agus níos déine feasta.

Roimhe seo, is le céimeanna struchtúrtha nó innealtóireachta um chosaint a tugadh freagra ar ócáidí tuile. Ach is iad an tAthbhreithniú um Pholasaí Náisiúnta Tuile (2004) agus Treoir Tuilte an AE (2007) atá anois mar fhórsaí tiomána maidir le bainistiú tuile; leagann siad san síos cur chuige níos réamhghníomhaí agus níos inbhuanaithe maidir le bainistiú priacal tuile, lé béim níos mó ar chéimeanna neamhstruchtúrtha dírithe ar thionchar tuilte a mhaolú.




## Staidéir um Measúnú agus Bainistiú Priacal Tuile

Faoi láthair, tá clár náisiúnta Staidéar um Measúnú agus Bainistiú Priacal Tuile Abhantraí (MBPTA) ar bun ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), ag teacht leis an Treoir Eorpach maidir le Measúnú agus Bainistiú Priacal Tuile (2007/60/EC) agus Dlí na hÉireann (Ionstraim Reachtúil Uimh. 122 de 2010), chun codanna lárnacha den Pholasaí Náisiúnta Tuile 2004 a sheachadadh. Tá breis eolais faoin chlár náisiúnta le fáil ar www.cfram.ie agus ar na suíomhanna gréasáin a bhaineann leis na Staidéir ar leith. Féach le do thoil ar www.cfram.ie chun nasc leis an suíomh gréasáin maidir leis an Staidéar i do réigiún féin. Chomh maith leis sin, ó 2006 anuas rinneadh staidéir phíolótacha in Abhantracha na Dothra agus na Laoi, agus i limistéar Fhine Gall/Oirthir na Mí.



# An Clár MBPTA

**Tá trí gharsprioc suntasach sa Chlár Náisiúnta MBPTA:**

- Réamh-Mheasúnú Priacal Tuile (Críochnaíodh 2011)
- Mapaí Tuile a Ullmhú (2013 - 2014)
- Pleananna um Bainistiú Priacal Tuile a Ullmhú (2015)

Tá an Clár Náisiúnta MBPTA á chur chun cinn le sé thionscadal comhairleachta innealtóireachta agus tá sé dírithe ar 300 Limistéar um Measúnú Breise (LMB) ar fud na tíre. Roghnaíodh na LMB ceaptha mar thoradh ar an Réamh-Mheasúnú Priacal Tuile agus is féidir liosta de na limistéir a fháil ar www.cfram.ie faoin teideal Tuarascáil Deiridh um Cheapadh LMB.

Tá na tionscadail faoin Chlár MBPTA, ina bhfuil comhairliúchán poiblí leanúnach, ag scrúdú go mion na cúiseanna le tuilte suntasacha i ngach Ceantar Abhantraí. Uathu san tiocfaidh pleananna comhtháite le céimeanna ar leith um fhreagairt ar na cúinsí suntasacha priacal tuile ar bhealach cuimsitheach inbhuanaithe. Scrúdóidh na tionscadail gach rogha um priacal tuile a laghdú, ar a n-áirítear céimeanna struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha araon.

Ar na céimeanna struchtúrtha bheadh céimeanna mar chosaintí tuile a thógáil nó cumas iompair a mhéadú, de réir mar is cuí. Ar na roghanna neamhstruchtúrtha a scrúdófar tá céimeanna mar leibhéil uisce a bhainistiú agus córais um rabhadh faoi thuile a thabhairt isteach.

Tabharfaidh na Pleananna um Bainistiú Priacal Tuile aird ar chúinsí eacnamaíochta, sóisialta, comhshaoil agus teicniúla.

# Conas agus cá háit a tharlóidh an comhairliúchán poiblí?

Is féidir leat coimeád suas chun dáta le dul chun cinn an Chláir MBPTA agus do thuairimí a chur isteach trí na suíomhanna gréasáin náisiúnta agus iad san a bhaineann leis na Staidéir ar leith.

Tionóltar laethanta um chomhairliúchán poiblí ins na LMB ar leith ag príomhchéimeanna sa phróiseas MBPTA; fógraítear iad seo go háitiúil agus ar na suíomhanna gréasáin. Is iad na príomhchéimeanna eile atá le teacht ná ullmhú na Mapaí Tuile (2013 – 2014) agus ullmhú na bPleananna um Bainistiú Priacal Tuile (2015). Beidh tréimhsí reachtúla comhairliúcháin maidir leo seo agus fógrófar iad seo go náisiúnta.

# Cá bhfuil breis eolais ar fáil?

Féach www.cfram.ie um eolas faoin Chlár Náisiúnta MBPTA agus chun nasc leis an suíomh gréasáin ar leith maidir leis an Staidéar MBPTA i do réigiún féin. Um eolas faoi ghníomhaíochtaí agus oibriúcháin reatha eile an OPW maidir le tuilte, féach www.opw.ie.